Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13264/25**

**AGRI 447**
**AGRIFIN 104**
**FIN 1119**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 519 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>TUARASCÁIL AIRGEADAIS ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN gCISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA AGUS AN CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE<br>BLIAIN AIRGEADAIS 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 519 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 519 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.9.2025
COM(2025) 519 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

# TUARASCÁIL AIRGEADAIS ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN gCISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA AGUS AN CISTE EORPACH TALMHAÍOCHTA UM FHORBAIRT TUAITHE

## BLIAIN AIRGEADAIS 2024

**CLÁR**


1. NÓS IMEACHTA AN BHUISÉID ..... 2

1.1. Creat Airgeadais 2021–2027 ..... 2

1.2. Dréachtbhuiséad 2024, Litir Leasaitheach 1/2024 agus glacadh Bhuiséad 2024 ..... 3

2. BUISÉAD 2024 A CHUR CHUN FEIDHME I gCÁS CERT AGUS CETFT ..... 4

2.1. An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) ..... 4

2.1.1. Íocaíochtaí míosúla ..... 4

2.1.2. Laghduithe ar íocaíochtaí míosúla ..... 4

2.1.3. Caiteachas bainistíochta dírí ón gCoimisiún ..... 4

2.2. An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) ..... 6

2.2.1. Íocaíochtaí ..... 7

2.2.2. Laghduithe ar íocaíochtaí ..... 7

2.2.3. Caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún ..... 7

3. GLACADH LEITHREASUITHE CERT AGUS CETFT ..... 9

3.1. An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) ..... 9

3.2. An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) ..... 10

4. BEARTA RIALAITHE ..... 12

4.1. Réamhrá ..... 12

4.2. Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) ..... 12

4.3. Cur i bhfeidhm Chaibidil III de Theideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Chaibidil III de Theideal IV de Rialachán (AE) 2021/2116 (grinnscrúdú ar idirbhearta) ..... 13

5. IMRÉITEACH CUNTAS ..... 13

5.1. Imréiteach comhréireachta ..... 13

5.2. Imréiteach airgeadais ..... 15

5.3. Achomhairc a tugadh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aghaidh cinntí imréitigh ..... 16

6. CAIDREAMH LEIS AN bPARLAIMINT AGUS LE CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA ..... 17

6.1. Caidreamh leis an bParlaimint ..... 17

6.2. Caidreamh le Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ..... 17

## 1. NÓS IMEACHTA AN BHUISÉID

Leis an CBT athchóirithe don tréimhse 2023–2027, tugadh isteach cur chuige straitéiseach agus samhail nua seachadta atá dírithe ar fheidhmíocht agus ar thorthaí. Leis an CBT nua, déantar an dá chiste atá ann cheana — an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) — a chomhdhlúthú faoi scáth aonair na bpleananna straitéiseacha CBT lena gcumhdaítear cistiú le haghaidh tacaíocht ioncaim, forbairt tuaithe agus tacaíochta d'earnálacha áirithe. Mar sin féin, tá bearta margaidh fós ann atá á gcur chun feidhme i gcónaí lasmuigh de na pleananna straitéiseacha CBT faoin CBT nua. Ba í an bhliain 2024 an dara bliain ina ndearnadh na pleananna straitéiseacha CBT a chur chun feidhme.

### 1.1. Creat Airgeadais 2021–2027

Déantar caiteachas an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) a chistiú laistigh den chreat airgeadais ilbhliantúil i gcomhair na mblianta 2021–2027 dá ndéantar foráil i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[1]. Go sonrach, tá caiteachas CBT mar chuid d'uasteorainn sheasta le haghaidh Ceannteideal 3 — Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol. Laistigh den uasteorainn fhoriomlán sin, socraíodh fo- uasteorainn shonrach le haghaidh caiteachas a bhaineann leis an margadh agus le haghaidh íocaíochtaí díreacha arna maoiniú ag CERT.

Rinneadh an fho-uasteorainn CERT a choigeartú tar éis aistriú méideanna áirithe ó íocaíochtaí díreacha go forbairt tuaithe arna maoiniú le CETFT agus tar éis an aistrithe ó fhorbairt tuaithe go híocaíochtaí díreacha. De bhreis air sin, rinneadh roinnt coigeartuithe i gcreat athbhreithniú lárthéarma CAI in 2024, mar a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle[2]. Dá bhrí sin, ar bhonn Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/128 ón gCoimisiún[3] lena socraítear an t- iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT, is iad seo a leanas na méideanna CBT a áirítear i gCeannteideal 3 den chreat airgeadais ilbhliantúil (2021–2027):

Tábla 1 *(i milliúin EUR; praghsanna reatha)*

| **Ceannteideal 3*** | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán** | **55 713.0** | **53 365.9** | **53 626.9** | **53 757.9** | **53 890.9** | **54 021.9** | **54 155.9** |
| ar a n- áirítear: | | | | | | | |
| — Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha, a), b), c), d) | **40 368.0** | **40 638.2** | **40 692.2** | **40 602.1** | **40 528.9** | **40 541.2** | **40 495.8** |
| — Forbairt tuaithe a), b), c) | **15 345.0** | **12 727.7** | **12 934.7** | **13 155.8** | **13 226.0** | **13 331.7** | **13 505.1** |
| **Ioncaim Shannta Sheachtracha** | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| NGEU e) | **2 387.70** | **5 682.80** | | | | | |

* Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol i ndáil le CBT

---

1 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11.

2 IO L, 2024/765, 29.2.2024, *ELI:* http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj.

3 IO L 40, 4.2.2021, lch. 8.

a) Tar éis aistrithe bliantúla ó CERT chuig CETFT le haghaidh na mblianta airgeadais 2021–2023 dar luach EUR 3 463,1 milliún san iomlán ar bhonn Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, agus aistrithe le haghaidh na mblianta airgeadais 2024–2027 dar luach EUR 7 123,8 milliún san iomlán ar bhonn Airteagal 103(1)(a) agus 103(2) de Rialachán (AE) 2021/2115.

b) Tar éis aistrithe bliantúla ó CETFT go CERT do na blianta airgeadais 2021–2023, EUR 1 633,4 milliún san iomlán, ar bhonn Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, agus do na blianta airgeadais 2024–2027, EUR 2 360,9 milliún san iomlán, ar bhonn Airteagal 103(1)(b) agus 103(3) de Rialachán (AE) 2021/2115.

c) Tar éis aistrithe bliantúla ó CETFT go CERT do na blianta airgeadais 2021–2023, EUR 171,9 milliún san iomlán, ar bhonn Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, agus do na blianta airgeadais 2024–2027, EUR 20 milliún san iomlán, ar bhonn Airteagal 17(5) de Rialachán (AE) 2021/2115.

d) Tar éis laghdaithe ar EUR 440 milliún a bhí ann do na blianta 2025–2027 tar éis athbhreithniú lárthéarma CAI.

e) Airteagal 58(a) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

## 1.2. Dréachtbhuiséad 2024, Litir Leasaitheach 1/2024 agus glacadh Bhuiséad 2024

Ghlac an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad tosaigh 2024 agus mhol sé don Údarás Buiséadach é an 5 Iúil 2023. Ghlac an Chomhairle a seasamh maidir le Dréachtbhuiséad 2024 an 5 Meán Fómhair 2023. Thíolaic an Coimisiún Litir Leasaitheach Uimh. 1/2024 do dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh an 9 Deireadh Fómhair 2023, agus ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar 18 Deireadh Fómhair 2023.

Thionóil Uachtarán na Comhairle an Coiste Idir- réitigh an 23 Deireadh Fómhair 2023. Tháinig an Coiste Idir- réitigh ar chomhaontú maidir le téacs comhpháirteach, téacs a d'fhormheas an Chomhairle an 20 Samhain 2023 agus an Pharlaimint an 23 Samhain 2023.

Ba é EUR 40 517,3 milliún méid iomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas sa bhuiséad vótáilte le haghaidh CERT agus ba é EUR 40 505,5 milliún a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Ba é EUR 13 155,8 milliún méid iomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas sa bhuiséad vótáilte le haghaidh CETFT agus ba é EUR 11 991,9 milliún a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Soláthraítear in Iarscríbhinn 1 tuilleadh mionsonraí faoi na méideanna a bhaineann le Dréachtbhuiséad an Choimisiúin 2024, chomh maith le seasamh na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, an Litir Leasaitheach agus an buiséad formheasta.

A mhéid a bhaineann le hioncam sannta, tráth a bunaíodh Buiséad 2024, measadh gurbh é EUR 400 milliún i gcás CERT agus EUR 200 milliún i gcás CETFT an méid a raibh coinne lena bhailiú le linn na bliana airgeadais 2024.

Nuair a ghlac an tÚdarás Buiséadach buiséad 2024, cuireadh an t-ioncam sannta measta ó CERT san áireamh le haghaidh riachtanais mhaoiniúcháin na tacaíochta bunúsaí ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta. Chun mionsonraí maidir le fáil airgid, úsáid agus, faoi dheireadh, tabhairt anonn an ioncaim shannta, féach Iarscríbhinní 2 agus 3.

## 2. BUISÉAD 2024 A CHUR CHUN FEIDHME I gCÁS CERT AGUS CETFT

### 2.1. An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)

Maítear in Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116[4] go ndéanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí míosúla le haghaidh caiteachas a dhéanann gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe na mBallstát le linn na míosa tagartha. Déanfar íocaíochtaí míosúla le gach Ballstát ar a dhéanaí an tríú lá oibre den dara mí tar éis na míosa ina ndéantar an caiteachas.

Is aisíocaíocht ghlanchaiteachais iad na híocaíochtaí míosúla (tar éis ioncam a asbhaint) atá déanta cheana féin agus cuirtear ar fáil iad ar bhonn na ndearbhuithe míosúla a thíolacann na Ballstáit[5]. Tá cuntasaíocht mhíosúil chaiteachais agus ioncaim faoi réir seiceálacha agus ceartúchán ar bhonn na ndearbhuithe sin. Thairis sin, tagann na híocaíochtaí sin chun bheith críochnaitheach tar éis fhíorúcháin an Choimisiúin faoin nós imeachta imréitigh cuntas.

Cumhdaítear íocaíochtaí a rinne na Ballstáit ón 16 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2024 faoin gcóras le haghaidh íocaíochtaí míosúla.

Ba é EUR 40 437,6 milliún iomlán na méideanna a cinneadh le haghaidh íocaíochtaí míosúla le haghaidh na bliana airgeadais ar fad. Agus méideanna arna n-aisghabháil de bharr cinntí maidir le himréiteach á gcur san áireamh, is é EUR 40 011,7 san iomlán a íocadh leis na Ballstáit i ndáiríre.

#### 2.1.1. Íocaíochtaí míosúla

Ghlac an Coimisiún cinneadh íocaíochta le haghaidh gach ceann de na 12 thréimhse den bhliain airgeadais.

Chun mionsonraí a fháil, féach Iarscríbhinn 4.

#### 2.1.2. Laghduithe ar íocaíochtaí míosúla

I gcás roinnt beart arna maoiniú ag CERT, cinntear uasteorainneacha airgeadais i reachtaíocht an Aontais. I gcás ina suitear, bunaithe ar an dearbhú caiteachais, gur sáraíodh na huasteorainneacha airgeadais sin, cuirtear laghduithe ar na híocaíochtaí míosúla i bhfeidhm maidir leis an gcuid den chaiteachas a sháraíonn na huasteorainneacha sin, ar cuid í a meastar gur ‘caiteachas neamh-incháilithe’ í. In 2024, rinneadh laghduithe le haghaidh ghlanmhéid EUR 5,8 milliún ar na híocaíochtaí míosúla a rinneadh leis na Ballstáit i ndáil le sáruithe ar na huasteorainneacha airgeadais.

#### 2.1.3. Caiteachas bainistíochta dírí ón gCoimisiún

Déanann an Coimisiún íocaíochtaí faoi bhainistíocht dhíreach le haghaidh beart áirithe. Baineann siad sin go príomha le cúnamh teicniúil oibríochtúil agus le bearta cur chun

[4] IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.
[5] Déanann na Ballstáit na dearbhuithe míosúla sin ar chaiteachas agus ioncam a tharchur faoin 7ú lá de mhí N+1.

cinn arna gcur chun feidhme trí ilchláir agus gníomhaíochtaí. Chun mionsonraí a fháil, féach táblaí 2 agus 3. Cuirtear i láthair in Iarscríbhinní 5 agus 6 mionsonraí a bhaineann le leithreasuithe vótáilte arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún i rith na bliana airgeadais 2024 maidir le caiteachas oibriúcháin agus riaracháin.

Tábla 2 *(in EUR; praghsanna reatha)*

| *Cúnamh oibríochtúil agus teicniúil CERT* | |
|---|---|
| **Mír bhuiséid: 08.020603** | |
| **Tuairisc** | |
| Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (LSIF) | |
| Íomhánna satailíte agus ceannach sonraí | |
| Struchtúr feirme agus suirbhéanna talmhaíochta | |
| Teicneolaíocht faisnéise | |
| Bearta faisnéise CBT | |
| Cumarsáid chorparáideach | |
| Iniúchadh agus rialuithe | |
| Staidéir agus meastóireachtaí | |
| **Iomlán arna ghealladh** | **146 630 268.57** |
| **Iomlán arna íoc** | **120 339 755.99** |

Tábla 3 *(in EUR; praghsanna reatha)*

| **Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Ilchláir agus ilghníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach** | |
|---|---|
| **Mír bhuiséid: 08.020303** | |
| **Tuairisc** | |
| Cláir chur chun cinn (ilchláir), misin ardleibhéil, cúnamh teicniúil agus saineolaithe | |
| **Leithreasuithe vótáilte iomlána arna ngealladh** | **77 773 000.00** |
| **Ioncam sannta iomlán arna ghealladh (creidmheasanna C5)** | **3,066,568.32** |
| **Iomlán arna íoc** | **55 922 342.57** |

## 2.2. An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI)

In Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) 2021/2116[6], luaitear gurb amhlaidh, tar éis a chinnidh cur chun feidhme lena bhformheastar Plean Straitéiseach CBT, go ndéanfaidh an Coimisiún méid réamh-mhaoinithe tosaigh a íoc leis an mBallstát le haghaidh thréimhse iomlán an Phlean Straitéiseach CBT. Déantar foráil le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2021/2116 freisin maidir le híocaíochtaí eatramhacha atá le déanamh maidir le gach Plean Straitéiseach CBT chun an caiteachas a rinne na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe, agus na Pleananna Straitéiseacha CBT á gcur chun feidhme, a aisíoc.

Maidir le Cláir Forbartha Tuaithe arna bhformheas faoi Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, luaitear in Airteagal 34 den Rialachán sin nach féidir le comhiomlán na n-íocaíochtaí réamh-mhaoinithe agus eatramhacha 95 % de ranníocaíocht CETFT le gach Clár Forbartha Tuaithe a shárú. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, déanfaidh an Coimisiún, agus laghduithe nó fionraíochtaí arna gcur i bhfeidhm faoi Airteagal 41, íocaíochtaí eatramhacha chun an caiteachas arna thabhú ag gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i gcur chun feidhme na gclár a aisíoc.

Mar atá luaite in Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, tar éis dó an tuarascáil bhliantúil deiridh faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme cláir forbartha tuaithe a fháil, íocfaidh an Coimisiún, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil agus ar bhonn an phlean airgeadais atá i bhfeidhm, íocfaidh sé iarmhéid na gcuntas bliantúil don bhliain dheireanach de chur i gcrích an Chláir Ábhartha Forbartha tuaithe agus an chinnidh chomhfhreagraigh maidir le himréiteach.

[6] IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.

### 2.2.1. Íocaíochtaí

Leanann an Coimisiún ar aghaidh le haisíoc i leith gach dearbhaithe ráithiúil caiteachais sa bhliain airgeadais.

Chun mionsonraí a fháil, féach Iarscríbhinn 7.

### 2.2.2. Laghduithe ar íocaíochtaí

In 2024, rinneadh laghduithe dar luach glanmhéid EUR 285,2 milliún ar na híocaíochtaí arna ndéanamh leis na Ballstáit ar bhonn dhearbhuithe ráithiúla caiteachais 2024. I gcás bearta arna maoiniú ag CETFT, déantar uasteorainneacha airgeadais a chinneadh i gcomhréir leis an reachtaíocht. Meastar gur 'caiteachas neamh- incháilithe' atá i gcaiteachas os cionn na n- uasteorainneacha sin agus bíonn laghdaithe ar na híocaíochtaí mar thoradh air sin.

### 2.2.3. Caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún

Déanann an Coimisiún íocaíochtaí faoi bhainistíocht dhíreach le haghaidh bearta agus gníomhaíochtaí áirithe, ar bearta agus gníomhaíochtaí iad a bhaineann go príomha le cúnamh teicniúil oibriúcháin. Chun mionsonraí a fháil, féach táblaí 4 agus 5. Cuirtear i láthair in Iarscríbhinní 5 agus 6 mionsonraí a bhaineann le leithreasuithe vótáilte arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún i rith na bliana airgeadais 2024.

Tábla 4 *(in EUR; praghsanna reatha)*

| *Cúnamh teicniúil CETFT*<br>*Cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair gealltanas* | |
|---|---|
| **Mír bhuiséid: 08.030200** | *(in EUR)* |
| **Tuairisc** | |
| Gníomhaíochtaí líonraithe chun tacú leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) | |
| Teicneolaíocht faisnéise | |
| Ardán Comhairleach Teicniúil le haghaidh Ionstraimí Airgeadais | |
| Cumarsáid chorparáideach | |
| Staidéir agus meastóireachtaí | |
| Iniúchadh agus rialuithe | |
| Líonra Eorpach um Meastóireacht | |
| Bunachar talmhaíochta orgánaí | |
| **Iomlán arna ghealladh** | **27 989 102.58** |
| **Iomlán arna íoc** | **21 483 103.23** |

Tábla 5 *(in EUR; praghsanna reatha)*

| | |
|---|---|
| ***Cúnamh teicniúil*** <br> ***Cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair gealltanas EURI*** | |
| **Mír bhuiséid: 08.030300** | *(in EUR)* |
| **Tuairisc** | |
| Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais | |
| Teicneolaíocht faisnéise | |
| **Iomlán arna ghealladh** | **-** |
| **Iomlán arna íoc** | **926 542.00** |

## 3. GLACADH LEITHREASUITHE CERT AGUS CETFT

### 3.1. An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)

Bhí luach EUR 40 810,0 milliún ar chur chun feidhme na leithreasuithe CERT. Rinneadh an caiteachas sin a chistiú le leithreasuithe tosaigh an bhuiséid agus trí úsáid a bhaint as ioncam a sannadh do CERT. Maidir leis an ioncam EUR 568,8 milliún a sannadh do CERT, a bailíodh in 2024 (ar tháinig EUR 555,8 milliún de ó bhainistíocht chomhroinnte), úsáideadh EUR 1,9 milliún de chun riachtanais íocaíochta a chumhdach.

Laistigh de chaibidil 08 01, ba é EUR 4,3 milliún na gealltanais CERT le haghaidh caiteachas tacaíochta riaracháin faoi airteagal 08 01 01.

Laistigh de chaibidil 08 02, ba é EUR 2 739,5 milliún an caiteachas foriomlán CERT le haghaidh idirghabhálacha a bhain leis an margadh, faoi phleananna CBT (airteagal buiséid 08 02 02) agus lasmuigh de phleananna CBT (airteagal buiséid 08 02 03). Ina theannta sin, caitheadh EUR 3 mhilliún in ioncam sannta ar chur chun cinn trí ilchláir[7].

Cuireadh íocaíochtaí díreacha sa bhliain airgeadais 2024 chun feidhme faoi phleananna CBT (airteagal buiséid 08 02 04) i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/2115, agus lasmuigh de phleananna CBT (airteagal buiséid 08 02 05), i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013[8]. EUR 37 427,3 milliún a bhí sa chaiteachas gaolmhar.

De bhreis air sin, úsáideadh EUR 465,5 milliún ón gcúlchiste talmhaíochta chun bearta tacaíochta eisceachtúla éagsúla a mhaoiniú.

Ar deireadh, gealladh EUR 169,6 milliún faoi airteagail 08 02 06 — Straitéis bheartais, comhordú agus iniúchadh (ar gealladh EUR 146,6 milliún de le haghaidh cúnamh teicniúil) agus EUR 0,7 milliún faoi 08 02 99 — Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích.

Ba é EUR 566,9 milliún i bhfoirm leithreasuithe ioncaim shannta an tearc-fhorghníomhú i gcás CERT, agus tugadh na leithreasuithe sin anonn go dtí 2025. Thairis sin, ba é EUR 366,5 milliún luach na leithreasuithe gan úsáid ón gcúlchiste talmhaíochta. Tugadh an méid iomlán anonn go cúlchiste talmhaíochta 2025, i gcomhréir le forálacha Airteagal 16(2) de Rialachán 2021/2116, go páirteach chun an caiteachas atá fágtha a bhaineann le bearta eisceachtúla 2024 a mhaoiniú.

Chun mionsonraí a fháil maidir le cur chun feidhme an bhuiséid de réir réimse beartais agus, chomh maith leis sin, maidir le húsáid an ioncaim shannta, féach Iarscríbhinní 8, 9, 10, 11 agus 12.

---

[7] Ba é EUR 80,8 milliún an caiteachas iomlán ar chur chun cinn ilchlár (bainistíocht dhíreach).

[8] IO L 347, 20.12.2013, lch. 608.

## 3.2. An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI)


Ba é EUR 13 155,9 milliún a bhí i gcur chun feidhme leithreasuithe CETFT faoi chomhair gealltanas (Iarscríbhinn 13). Cistíodh an gealltanas sin le leithreasuithe tosaigh an bhuiséid a vótáladh agus trí ioncam sannta inmheánach CETFT a úsáid.

Laistigh de chaibidil 08 01, EUR 2,2 milliún a bhí sa mhéid a gheall CETFT le haghaidh tacaíocht riaracháin don chlár.


Laistigh de chaibidil 08 03, le hais an mhéid gheallta a bhaineann le cineálacha idirghabhála a chur chun feidhme faoi Phleananna Straitéiseacha CBT (EUR 13 125,5 milliún), bhí na méideanna seo a leanas:

- méid geallta EUR 28,0 milliún le haghaidh cúnamh teicniúil oibríochtúil
- méid geallta EUR 0,2 milliún le haghaidh oibríochtaí aisíoca maidir le Cláir Forbartha Tuaithe sna tréimhsí roimhe sin (roimh 2023).


Ráta ionsúcháin CETFT 2014–2022 agus CETFT 2023–2027 de réir Ballstáit (Graif 1a–d):




**Graf 1b - Ráta ionsúite EURI 2021–2022 de réir Ballstáit**
**(% d'íocaíochtaí EURI lena n-áirítear éilimh íocaíochta R4 2024 i gcomparáid le leithdháiltí 2021-2022)**




**Graf 1c - Ráta ionsúite CETFT 2014-2022 agus EURI 2021-2022 de réir Ballstáit**
**(% d'íocaíochtaí CETFT agus EURI lena n-áirítear éilimh íocaíochta R4 2024 i gcomparáid le leithdháiltí 2014-2022)**






Chun mionsonraí a fháil maidir le cur chun feidhme an bhuiséid de réir Ballstáit agus de réir réimse beartais, chomh maith le sonraí maidir le húsáid an ioncaim shannta, féach Iarscríbhinní 14 go 17.

## 4. BEARTA RIALAITHE

### 4.1. Réamhrá

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus de réir mar a bhí sna blianta roimhe, cuireadh córas cuimsitheach beart rialaithe i bhfeidhm maidir le caiteachas talmhaíochta 2024.

Déanann na gníomhaireachtaí íocaíochta nó na comhlachtaí tarmligthe a fheidhmíonn faoina maoirseacht na rialuithe agus forchuirtear smachtbhannaí éifeachtacha, athchomhairleacha agus comhréireacha má nochtar neamhchomhlíontacht le rialacha an Aontais sna rialuithe. Ina theannta sin, ní mór rialuithe ex post a dhéanamh i gcás fhormhór na gcóras nach bhfuil faoi réir an Chórais Chomhtháite Riaracháin agus Rialaithe, anuas ar leibhéil rialaithe phríomhúla agus thánaisteacha.

### 4.2. Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR)

Tá na rialacha maidir le CCRR le fáil i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún[9] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún[10], chomh maith le Rialachán (AE) 2021/2116,

[9] IO L 181, 20.6.2014, lch. 48.
[10] IO L 227, 31.7.2014, lch. 69.

Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/117 ón gCoimisiún2[11] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (EU) 2022/1173 ón gCoimisiún[12].

Tá faisnéis mhionsonraithe ar chaiteachas arna chumhdach le CCRR in Iarscríbhinn 7, Cuid 2, A.2.3.a) (leathanaigh 144–148) den Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí[13] (TBG) AS AGRI le haghaidh 2024: Tá comhpháirteanna ábhartha CCRR infheidhme freisin maidir leis na bearta forbartha tuaithe atá bunaithe ar limistéar nó ar líon ainmhithe. Ar na bearta den sórt sin, áirítear, *inter alia*, bearta agra- chomhshaoil agus leasa ainmhithe, limistéir mhídheisiúla agus limistéir a bhfuil srianta comhshaoil iontu, agus foraoisiú talaimh talmhaíochta.

### 4.3. Cur i bhfeidhm Chaibidil III de Theideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Chaibidil III de Theideal IV de Rialachán (AE) 2021/2116 (grinnscrúdú ar idirbhearta)

In 2024, bhí feidhm ag an ngrinnscrúdú ar an gcóras rialaithe idirbheart dá bhforáiltear faoi Chaibidil III de Theideal V de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus faoi Chaibidil III de Theideal IV de Rialachán (AE) 2021/2116. Chuimsigh sé córas rialaithe ex post a chomhlánaíonn na córais rialaithe earnála a dtugtar tuairisc orthu thuas.

In 2024, chuir seirbhísí grinnscrúdaithe na mBallstát rialuithe i gcrích i leith oibríochtaí lena ndearnadh íocaíochtaí sa bhliain airgeadais 2022. Léirítear sna tuarascálacha bliantúla i leith na tréimhse grinnscrúdaithe ábhartha (Iúil 2023–Meitheamh 2024) go raibh 89 % de na grinnscrúduithe a bhí beartaithe curtha i gcrích ag na Ballstáit faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe grinnscrúdaithe. Is é 1,1 % an ráta neamhrialtachtaí a tháinig as na grinnscrúduithe sin a cuireadh i gcrích.

## 5. IMRÉITEACH CUNTAS

### 5.1. Imréiteach comhréireachta

Tá freagracht ar na Ballstáit go príomha é a áirithiú go ndéantar agus go bhforghníomhaítear idirbhearta i gceart trí chóras de smachtbhannaí rialaithe agus athchomhairleacha. I gcás ina dteipeann ar Bhallstáit an ceanglas sin a chomhlíonadh, cuireann an Coimisiún ceartuithe airgeadais i bhfeidhm chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

Baineann an t- imréiteach comhréireachta faoi CBT is infheidhme sa bhliain airgeadais 2024 le dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart. Deartar é chun caiteachas ó mhaoiniú an Aontais a eisiamh nach ndearnadh é i gcomhréir le rialacha an Aontais.

---

11 IO L 183, 8.7.2022, lch. 12.

12 IO L 183, 8.7.2022, lch. 23.

13 Is féidir teacht ar Thuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí AS AGRI ag: https://commission.europa.eu/publications/annual-activity-report-2024-agriculture-and-rural-development_en

Tá mionsonraí ar iniúchtaí a rinneadh in 2024 le fáil sa TBG, tábla 2.1.2.a).1–2 (leathanach 37).

Liostaítear na cinntí imréitigh comhréireachta ar glacadh leo in 2024, lena n- áirítear ceartúcháin airgeadais i roinnt earnálacha, sa TGB, tábla Iarscríbhinn 7 — Cuid 3 A.b.1)–1 (leathanach 176).

Na cinntí seo a leanas maidir le himréiteach comhréireachta, bhí tionchar acu ar bhuiséad 2024:

- Cinneadh (AE) 2023/2494 an 15 Samhain 2023 — cinneadh *ad hoc* 72 BS, lena ngabhann glanmhéid cinntithe EUR 89,6 milliún i bhfabhar CERT agus EUR 50,6 milliún i bhfabhar CETFT.
- Cinneadh (AE) 2023/2492 ón 15 Samhain 2023 — cinneadh *ad hoc* 72 an Ríocht Aontaithe, a bhfuil glanmhéid cinntithe EUR 0,9 milliún aige i bhfabhar CETFT.
- Cinneadh (AE) AE 2024/1690 an 12 Meitheamh 2024 — cinneadh *ad hoc* 73, lena ngabhann glanmhéid cinntithe EUR 130,5 milliún i bhfabhar CERT agus EUR 78,8 milliún i bhfabhar CETFT.

Tar éis cur i gcuntas forghníomhú roinnt breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i bhfabhar na mBallstát agus scaoileadh fionraíochtaí íocaíochtaí, ba é EUR 220,1 milliún i bhfabhar CERT agus EUR 115,9 milliún i bhfabhar CETFT tionchar airgeadais foriomlán na gcinntí sin ar na cistí.

Tá mionsonraí le fáil in Iarscríbhinn 18 faoi na ceartúcháin airgeadais i gcinntí maidir le himréiteach comhréireachta in 2024.

I gcás Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2494 ón gCoimisiún agus Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1690 ón gCoimisiún, chinn an Coimisiún, mar gheall ar mhéid coibhneasta na gceartúchán i gcomparáid le holltáirgeacht intíre Ballstát áirithe, agus ar iarrataí a fháil ó na Ballstáit lena mbaineann, go bhféadfaí na ceartúcháin seo a leanas a íoc ina dtrí thráthchuid bhliantúla chomhionanna.

Tábla 6 *(i milliúin EUR; praghsanna reatha)*

| **Uimhir an chinnidh** | **An Ballstát** | **An méid atá le híoc i dtráthchodanna** | |
|---|---|---|---|
| | | **CERT** | **CETFT** |
| 72 | an Bhulgáir | 2.8 | 18.0 |
| 73 | an Bhulgáir | 17.8 | 1.7 |
| 73 | an Rómáin | 10.6 | 30.7 |
| 73 | an tSlóvaic | 0.0 | 14.5 |

An 15 Feabhra 2024, thuairiscigh na Ballstáit an fhaisnéis ó mhéideanna gan íoc a bhí le haisghabháil ag deireadh na bliana airgeadais 2023. Is é atá iontu sin EUR 410,4 milliún le haghaidh CERT, CETFT, agus na hIonstraime Sealadaí le haghaidh Forbairt Tuaithe, agus cuirtear i láthair iad sa TBG, tábla Iarscríbhinn 7 — Cuid 3 A.b.2)–1 (leathanach 179).

Ba é EUR 2 014 mhilliún an méid gan íoc a bhí fós le haisghabháil ó thairbhithe ag deireadh na bliana airgeadais 2024 le haghaidh na gcistí uile. Ba é EUR 31,1 milliún a bhí sna hiarmhairtí airgeadais le haghaidh na mBallstát as cásanna neamh- aisghabhála CERT, CETFT agus na hIonstraime Sealadaí le haghaidh Forbairt Tuaithe laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata aisghabhála (i ndáil le cásanna nua[14]) nó ón gcinneadh príomha riaracháin nó breithiúnach (i ndáil le seanchásanna), nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil chuig na cúirteanna náisiúnta. Le linn na bliana airgeadais 2024, d'iompar buiséad an Aontais thart ar EUR 11,6 milliún ag leibhéal 100 %[15] le haghaidh CERT, CETFT agus na hIonstraime Sealadaí le haghaidh Forbairt Tuaithe.

## 5.2. Imréiteach airgeadais

Is féidir teacht ar fhorléargas ar na cinntí maidir le himréiteach airgeadais a glacadh in 2024 i dtábla 7.

Tábla 7 *(i milliúin EUR; praghsanna reatha)*

| Ciste | Uimhir an Chinnidh | Dáta an Ghlactha | An Bhliain Airgeadais | An caiteachas dearbhaithe a imréitíodh | Gníomhaireacht íocaíochta lena mbaineann |
|---|---|---|---|---|---|
| CERT | Cinneadh (AE) 2024/1458 | 24.5.2024 | 2023 | 40 774,46 | Gníomhaireachta í íocaíochta uile na mBallstát |
| CERT | Cinneadh (AE) 2024/2849 | 11.11.2024 | 2023 | -1.49 | Ceithre ghníomhaireacht íocaíochta sa Ríocht Aontaithe |
| CETFT 2014–2022 | Cinneadh (AE) 2024/1431 | 24.5.2024 | 2023 | 15 780, 10 | Gníomhaireachta í íocaíochta uile na mBallstát |
| CETFT 2023–2027 | Cinneadh (AE) 2024/1433 | 24.5.2024 | 2023 | -10 845,47 | Gníomhaireachta í íocaíochta uile na mBallstát |

[14] Cásanna neamhrialtachtaí nár bunaíodh cinneadh príomha riaracháin nó breithiúnach ina leith roimh an 16 Deireadh Fómhair 2014. I gcás inar bunaíodh PACA roimh an dáta sin, aicmítear na cásanna mar 'sheanchásanna'

[15] Cásanna a dearbhaíodh mar chásanna do-aisghabhála de réir fhoráil Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| CETFT | Cinneadh (AE) 2024/2851 | 11.11.2024 | 2023 | 278.90 | Ceithre ghníomhaireacht íocaíochta sa Ríocht Aontaithe |

## 5.3. Achomhairc a tugadh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aghaidh cinntí imréitigh

Tá achoimre le fáil in Iarscríbhinn 19 ar chásanna a taisceadh leis an gCúirt Ghinearálta agus leis an gCúirt Bhreithiúnais.

# 6. CAIDREAMH LEIS AN bPARLAIMINT AGUS LE CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

## 6.1. Caidreamh leis an bParlaimint

Tá Parlaimint na hEorpa (PE), in éineacht leis an gComhairle, mar chuid d'Údarás Buiséadach na hEorpa. Dá bhrí sin, tá sé ar cheann de na comhpháirtithe plé is tábhachtaí de chuid an Choimisiúin maidir le cúrsaí buiséadacha agus, dá bhrí sin, maidir le CERT agus CETFT.

Tá trí choiste (PE) páirteach sa phlé agus san ullmhúchán don Seisiún Iomlánaíoch ar ábhair bhuiséadacha talmhaíochta. Is iad sin an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, an Coiste um Buiséid agus an Coiste um Rialú Buiséadach.

Ó bhí 2014 ann soláthraíonn an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe tuairim maidir leis an nós imeachta urscaoilte chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach.

Rialaíonn an Coiste um Rialú Buiséadach (CONT) cuir chun feidhme ceart an bhuiséid agus dréachtaíonn sé an tuarascáil a mholann don Pharlaimint urscaoileadh a dheonú agus a dhéanann moltaí don Choimisiúin nó do Bhallstáit.

Dheonaigh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don Choimisiúin, i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2023, trí vóta i seisiún iomlánaíoch ar Chinneadh Parlaiminteach, a tharla ar 7 Bealtaine 2025.

## 6.2. Caidreamh le Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

Feidhmíonn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) mar iniúchóir neamhspleách seachtrach an Aontais Eorpaigh. Tá achoimre ar thorthaí agus ar chonclúidí CIE le haghaidh na bliana airgeadais 2023 le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí, pointe 2.2 (leathanach 52).